An tIonad Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta
National Biodiversity Data Centre

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Teicneoir Tacaíochta TFC

(Lánaimseartha, conradh téarma sheasta 3 bliana)

Tá an Lárionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Dáta deiridh d'Iarratais:
5i.n. Dé hAoine, an 27 Samhain 2026

(Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha)

AN POST

Cúlra

Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta an t-ionad státurraithe a bunaíodh chun tacú le riachtanais sonraí agus faisnéise bithéagsúlachta chun aghaidh a thabhairt ar Ghéarchéim na Bithéagsúlachta. Bunaíodh é mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta i mí na Nollag 2022, i ndiaidh cinneadh ón Rialtas chun todhchaí fhadtéarmach an Ionaid a chinntiú. Is é príomhról an Ionaid bunachar faisnéise na bithéagsúlachta a fhorbairt agus súil a choinneáil ar an dóigh a bhfuil sí ag athrú in Éirinn. Oibríonn sé lena chinntiú go mbeidh sonraí agus faisnéis faoi bhithéagsúlacht na hÉireann ar fáil go héasca agus go hinrochtana lena n-úsáid i dtaighde, i mbainistíocht caomhantais agus i gcinnteoireacht. Tugann an tIonad tús áite dá chinntiú go mbeidh rochtain éasca ar shonraí agus ar fhaisnéis chun tuiscint agus meas níos fearr ar an mbithéagsúlacht ar an leibhéal áitiúil a chur chun cinn. Is eintiteas atá maoinithe go poiblí den chuid is mó é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, seachas comhlacht earnála poiblí.

Ó bunaíodh é mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, rinneadh athrú ó bhonn ar an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta le struchtúir rialachais nua agus fheabhsaithe, d'fhorbair sé a Phlean Straitéiseach cúig bliana, agus mhéadaigh sé a líon foirne. Dá bhrí sin, tá sé níos ullmhaithe anois chun fíorthionchar buan a imirt ar a bhfuil ar eolas againn faoi staid na bithéagsúlachta in Éirinn, agus cad iad na gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe is fearr chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanas bithéagsúlachta.

D'fhorbair agus bainistíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta bonneagar digiteach fairsing bithéagsúlachta chun freastal ar go leor de na riachtanais náisiúnta bainistíochta sonraí bithéagsúlachta. Cuirtear an bonneagar sin ar fáil mar sheirbhís chomhroinnte d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun cuidiú lena riachtanais bainistíochta sonraí bithéagsúlachta agus chun úsáid sonraí a éascú. Mar bhonn faoin mbonneagar sin tá bunachar sonraí bithéagsúlachta náisiúnta ina raibh os cionn naoi milliún taifead minicíochta speiceas de bheagnach 19,000 speiceas ag deireadh na bliana 2025.

Soláthraíonn an tIonad tacaíocht do líonra mór eolaíochta saoránach a ghineann sonraí ardchaighdeáin ar dháileadh speiceas in Éirinn, agus trína chláir mhonatóireachta tá treochtaí i ndaonraí gnéithe de bhithéagsúlacht na hÉireann á rianú aige. Soláthraíonn sé freisin cláir mhóra oibre maidir le pailneoirí, speicis choimhthíocha ionracha agus bithéagsúlacht mhuirí chun tacú le gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe sna réimsí téamacha sin. Ar an iomlán, gineann agus bainistíonn an tIonad anois, faoi réir ceadúnaithe, bailiúcháin mhóra sonraí a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh anailís staitistiúil agus samhaltú éiceolaíoch chun tuiscint níos doimhne a fháil ar ghnéithe de bhithéagsúlacht na hÉireann.

Cruthaíodh an ról nua mar Theicneoir Tacaíochta TF chun tacú le riaradh, cothabháil agus forbairt leanúnach thimpeallacht Microsoft 365 agus sheirbhísí digiteacha na heagraíochta. Cabhróidh an t-iarrthóir rathúil leis an bhfoireann teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina gcuid oibre laethúla agus tacóidh sé le haistriú leanúnach na foirne agus na gcáipéisí ón struchtúr fillteán comhroinnte atá ann cheana chuig ardáin chomhoibrithe nua-aimseartha atá bunaithe sa néal.

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta lonnaithe i dTeach Ghort na Feá, Campas Thiar Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Cloch an Óir, Contae Phort Láirge agus feidhmíonn sé beartas oibre cumaisc le foireann atá lonnaithe i bPort Láirge agus atá ag obair go cianda. Tá thart ar 35 duine ar fhoireann an Ionaid faoi láthair.
Cabhróidh an t-iarrthóir rathúil le tacaíocht theicniúil, bainistiú gléasanna, ionduchtú úsáideoirí agus riaradh cuntas, tionscadail TFC, tionscnaimh chibearshlándála agus riaradh bunúsach roinnt suíomhanna gréasáin, suíomhanna moil agus ardán mapála digití de chuid na heagraíochta. Oibreoidh sé i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha forbartha agus deartha gréasáin ar nuashonruithe, fabhtcheartú agus tionscadail feabhsúcháin dhigitigh. Tugann an ról deis taithí phraiticiúil luachmhar a fháil i dtimpeallacht TFC atá nua-aimseartha agus ag forbairt, i réimsí lena n-áirítear Microsoft 365, seirbhísí néil, líonrú, fíorúlú, bonneagar freastalaithe, cúltacaí agus athshlánú ó thubaiste, teicneolaíochtaí balla dóiteáin agus cibearshlándáil. Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do thacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne agus tacóidh sé leis an iarrthóir rathúil a scileanna teicniúla a fhorbairt trí oiliúint, cúrsaí agus deimhniúcháin atá aitheanta sa tionscal, agus taithí phraiticiúil laistigh d'eagraíocht atá ag fás.

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

- Feidhmiú mar an chéad phointe teagmhála d'iarratais ar thacaíocht TFC trí chóras ticéadaithe/deisce cabhrach na heagraíochta, tacaíocht chéadlíne a chur ar fáil don fhoireann agus saincheisteanna teicniúla níos casta a chur ar aghaidh chuig an Riarthóir Córas TFC, an Comhpháirtí Tacaíochta Teicniúla, an fhoireann GIS nó páirtithe ábhartha eile de réir mar is cuí.
- Tacaíocht chéadlíne TFC a chur ar fáil ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear fabhtcheartú ar fhadhbanna a bhaineann le crua-earraí, bogearraí, Microsoft 365, nascacht agus gléasanna.
- Tacú le feidhmiú laethúil agus úsáid éifeachtach sheirbhísí Microsoft 365, lena n-áirítear Outlook, Teams, SharePoint Online, OneDrive, Forms agus uirlisí comhoibrithe gaolmhara, agus treoir a chur ar fáil don fhoireann maidir le bainistiú comhad, sreafaí oibre digiteacha agus dea-chleachtas.
- Cabhrú le hionduchtú agus asduchtú na foirne, lena n-áirítear gléasanna a ullmhú, cuntais a chur ar bun, ceadanna a bhainistiú, trealamh a leithdháileadh agus sócmhainní TFC a fháil ar ais.

- Tacú le ríomhairí glúine, gléasanna móibíleacha, monatóirí, forimeallaigh agus trealamh TFC eile a chur in úsáid, a chumrú agus a chothabháil.
- Oibriú leis an gCeann Seirbhísí Digiteacha, an Riarthóir Córas TFC, an Comhpháirtí Tacaíochta Teicniúla agus páirtithe leasmhara eile chun tacú le bonneagar TFC, seirbhísí digiteacha agus gníomhaíochtaí oibríochtúla ar fud na heagraíochta.
- Cabhrú le comhaid agus cáipéisí a aistriú chuig SharePoint Online agus córais eile atá bunaithe sa néal, agus iad a eagrú sna córais sin.
- Tacú le teicneolaíochtaí bainistíochta agus slándála críochphointí a chur chun feidhme agus a chothabháil, lena n-áirítear Microsoft Intune, Microsoft Entra ID, fíordheimhniú ilfhachtóra, beartais chomhlíontachta gléasanna, bainistiú paistí, imscaradh bogearraí agus gnáthchúraimí cothabhála TFC.
- Tacú le tionscnaimh feasachta cibearshlándála, dea-chleachtais chibearshlándála a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus cabhrú leis an bhfoireann cloí leis na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha TFC.
- Taithí phraiticiúil a fháil ar thacú le bonneagar Windows Server, teicneolaíochtaí balla dóiteáin Fortinet, fíorúlú Microsoft Hyper-V, Microsoft Intune, Microsoft Entra ID, riaradh Microsoft 365, Microsoft Defender, ardáin bhainistíochta agus slándála críochphointí, trealamh líonraithe, córais chúltaca agus athshlánaithe ó thubaiste, agus seirbhísí atá bunaithe sa néal.
- Cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar bhonneagar líonraithe na hoifige agus tacaíocht bhunúsach a chur ar fáil dó, lena n-áirítear lasca, pointí rochtana gan sreang Meraki, nascacht idirlín agus bonneagar gaolmhar.
- Riaradh bunúsach suíomhanna gréasáin agus tacaíocht d'ardáin dhigiteacha a chur ar fáil, agus oibriú i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha forbartha agus deartha gréasáin ar nuashonruithe, fabhtcheartú, athruithe ar ábhar agus tionscadail feabhsúcháin dhigitigh.
- Cáipéisíocht chruinn TFC a chothabháil, lena n-áirítear cláir sócmhainní, treoracha úsáideora, nósanna imeachta agus taifid tacaíochta. Cabhrú le hiniúchtaí TFC, athbhreithnithe ar cheadúnú bogearraí, glanadh agus eagrú córas, agus gníomhaíochtaí ginearálta tacaíochta oibríochtúla.
- Leanúint de scileanna agus eolas TFC a fhorbairt de réir mar a thagann teicneolaíochtaí agus riachtanais na heagraíochta chun cinn, trí oiliúint leanúnach agus deiseanna forbartha gairmiúla.
- Cabhrú le cothabháil, uasghrádú agus imscaradh TFC agus le gníomhaíochtaí tionscadail, a bhféadfadh obair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a bheith ag teastáil lena n-aghaidh ó am go chéile.

Critéir Riachtanacha maidir leis an ról

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina litir chumhdaigh agus ina Curriculum Vitae go gcomhlíonann siad na critéir riachtanacha go léir thíos.

Ní mór do gach iarrthóir, ar an dáta is déanaí a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe, an méid seo a leanas a bheith aige/aici:

a. Céim aitheanta (Leibhéal 7 nó Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí), nó cáilíocht ghairmiúil choibhéiseach i ndisciplín a bhaineann le TF, a bheith agat, mar aon le bliain amháin (1) ar a laghad de thaithí shásúil ábhartha ar obair i dtimpeallacht struchtúrtha TF;

NÓ

b. Cáilíocht aitheanta ag Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó cáilíocht ghairmiúil choibhéiseach i ndisciplín a bhaineann le TF, a bheith agat, mar aon le 2 bhliain ar a laghad de thaithí shásúil ábhartha ar obair i dtimpeallacht struchtúrtha TF;

NÓ

c. Cáilíocht aitheanta ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nó cáilíocht ghairmiúil choibhéiseach i ndisciplín a bhaineann le TF, a bheith agat, mar aon le dhá cheann ar a laghad de na deimhniúcháin nó cáilíochtaí gairmiúla seo a leanas, agus 2 bhliain ar a laghad de thaithí shásúil ar obair i dtimpeallacht struchtúrtha tacaíochta TF:

- Microsoft Fundamentals Certification (e.g. MS-900, AZ-900, SC-900, nó a choibhéis)
- CompTIA A+
- CompTIA Network+
- CompTIA Security+
- ITIL 5 Foundation – IT Service Management Certification
- Cisco Certified Support Technician (CCST) nó CCNA
- Google IT Support Professional Certificate
- Deimhniúchán ábhartha eile TF

AGUS

d. eolas ábhartha, taithí ábhartha nó inniúlacht léirithe a bheith agat sna réimsí seo a leanas:

- Sraith táirgí Microsoft Office 365, go háirithe Outlook, Teams, SharePoint Online agus OneDrive.
- Taithí ar thimpeallachtaí SharePoint Online a úsáid nó tacaíocht a thabhairt dóibh.
- Tacaíocht theicniúil agus fabhtcheartú.

- Tuiscint ar phrionsabail an chúltaca, an athshlánaithe ó thubaiste agus an leanúnachais gnó.
- Riaradh cuntas úsáideora agus gléasanna.
- Spéis sa chibearshlándáil agus i gcleachtais shlána TF.

AGUS

e. Ceadúnas tiomána

- iomlán glan Éireannach nó de chuid na Ríochta Aontaithe a bheith agat
- Cearta iomlána a bheith aige/aici chun oibriú in Éirinn.

Critéir Bhreise Inmhianaithe don ról

- Taithí ar thacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí agus treoir a chur ar fáil maidir le húsáid éifeachtach na teicneolaíochta.
- Tuiscint ar phrionsabail bhainistíochta seirbhísí TF nó taithí ar obair i dtimpeallacht struchtúrtha tacaíochta TFC.
- Taithí ar chabhrú le tionscadail TFC, gléasanna a chur in úsáid nó réitigh theicniúla a chur chun feidhme.
- Cumas dul in oiriúint d'athruithe ar theicneolaíochtaí, ar chórais agus ar chleachtais oibre.
- Spéis in obair le huirlisí riaracháin do thionóntaí Office 365.
- Tuiscint ar Microsoft Copilot, Power Automate nó uirlisí dá samhail, agus spéis in úsáid na teicneolaíochta chun tascanna agus próisis laethúla a fheabhsú agus a chuíchóiriú.
- Spéis i raon leathan feidhmeanna TFC, lena n-áirítear slándáil TFC agus cosaint sonraí.
- Spéis i bhfeasacht ar an gcibearshlándáil agus dea-chleachtais slándála a chur chun cinn.
- Spéis in eolas a fhorbairt ar theicneolaíochtaí fíorúlaithe amhail Hyper-V, VMware nó ardáin dá samhail.
- Taithí ar obair i dtimpeallacht TFC atá ag athrú nó ag forbairt.
- Cumas riachtanais úsáideoirí a thuiscint agus cabhrú le réitigh theicniúla a chur ar fáil.

- Cumas taifid agus cáipéisíocht chruinn a choinneáil agus cloí le cleachtais oibre eagraithe.
- Cumas tacú leis an bhfoireann agus iad a spreagadh chun úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha.
- Cumas torthaí a bhaint amach i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide, mar aon leis an gcumas faisnéis theicniúil a mhíniú go soiléir d'úsáideoirí teicniúla agus neamhtheicniúla araon.
- Excellent organisational and time management skills.
- Féinspreagtha agus toilteanach teicneolaíochtaí nua a fhoghlaim agus leanúint de scileanna teicniúla a fhorbairt.
- Beidh sé/sí ina f(h)éintionscnóir a bheith ábalta féinfhoghlaim agus smaointeoireacht nua a dhéanamh i gcónaí, ag oibriú de réir spriocdhátaí dochta, agus tiomanta do thorthaí ardchaighdeáin a bhaint amach.
- A bheith díograiseach faoi ghlacadh le teicneolaíochtaí nua agus scileanna nua a fhorbairt.

Tuairisciú

Beidh an Teicneoir Tacaíochta TFC freagrach don Riarthóir Córas TFC

Inniúlachtaí don Ról

Ní mór don iarrthóir rathúil a bheith ábalta a léiriú go bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha don phost seo aige/aici. Tá na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach in aguisín 1.

COINNÍOLLACHA NA SEIRBHÍSE

Tréimhse Oifige

Is post lánaimseartha é seo a thairgtear ar chonradh trí bliana.

Tuarastal

Is é seo a leanas an scála tuarastail is infheidhme maidir le post an Teicneora Tacaíochta TFC: (Naoi n-incrimint + dhá *Incrimint Seirbhíse Fada)

€31,815 – €32,573 – €33,835 - €34,845 - €35,855 - €36,865 - €37,875 - €38,885 - €40,905 - *€41,915[1] – *€42,925[2], agus deonaítear incrimintí ar bhonn bliantúil, faoi réir feidhmíocht shásúil sa ról.

D'fhéadfadh incrimintí seirbhíse fada a bheith iníoctha tar éis feidhmiúcháin shásúil trí bliana (LSI1) agus sé bliana (LSI2) ag uasmhéadú an scála.

Saoire Bhliantúil

23 lá in aghaidh na bliana. Ag ardú go 24 i ndiaidh 5 bliana seirbhíse agus go 25 i ndiaidh 10 mbliana seirbhíse.

Obair Sholúbtha agus Cianobair

Beidh an áit oibre i gCeathrú an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, an Campas Thiar, Cloch an Óir, Contae Phort Láirge, X91 PE03.

Éascaíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta socruithe oibre cumaisc do róil áirithe, agus beidh siad faoi réir riachtanais an ghnólachta. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh ar an Teicneoir Tacaíochta TFC oibriú ón oifig ceithre lá sa tseachtain. Tar éis an tréimhse

promhaidh a chur i gcrích go sásúil, d'fhéadfaí iniúchadh a dhéanamh ar lá breise oibre ón mbaile mar chuid den socrú oibre hibrideach.

Uaireanta Freastail

Is í an ghnáthsheachtain oibre 37.5 uair, 09.00 – 17.30 Luan go hAoine agus uair amháin don lón. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a oibriú ó am go chéile mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin maidir le ham oibre. Ní bheidh rátaí ragoibre maidir le huaireanta breise a oibreofar lasmuigh de ghnáthuaireanta i bhfeidhm.

Scor / Aoisliúntas:

Cuirfidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ranníocaíocht pinsin 5% ar fáil do Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta an fhostaí.

Promhadh

Beidh tréimhse ann nuair a thiocfaidh an ceapachán i bhfeidhm ina gcoinneoidh an duine ceaptha a f(h)ostaíochta ar promhadh. Mairfidh an tréimhse sin sé mhí, ach féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, dá rogha féin, an tréimhse sin a fhadú. D'fhéadfadh sé go scoirfí duine den fhostaíocht sin a choinneáil ag deireadh na tréimhse sin faoi rogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.
Is ionann an méid thuas agus príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach é de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach i gconradh fostaíochta mionsonraithe a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

Forbairt Ghairmiúil

- **Oiliúint agus deimhniú:** Tacaíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta go gníomhach le forbairt ghairmiúil agus maoineoidh sé oiliúint ábhartha agus deimhniúcháin chuí. Tá an sochar seo ar fáil ó thús na fostaíochta.
- **Freastal ar chomhdhálacha:** Bíonn deiseanna ag fostaithe freastal ar chomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is féidir freastal ar imeachtaí náisiúnta ó thús na fostaíochta, ar imeachtaí Eorpacha tar éis an t-athbhreithniú feidhmíochta trí mhí le linn na tréimhse promhaidh sé mhí a chur i gcrích go sásúil, agus ar chomhdhálacha iidirnáisiúnta tar éis bliain seirbhíse.

PRÓISEAS IARRATAIS

Modhanna Roghnúcháin

D'fhéadfadh aon cheann nó na nithe seo a leanas go léir a bheith i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Gearrliostú iarrthóirí. Is é an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chinnfidh líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chun agallaimh. Déanfaidh FRS Recruitment an gearrliostú thar ceann an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, i gcoinne na gcritéar atá sonraithe don phost agus ar bhonn na faisnéise atá i Litir Chumhdaigh agus in CV an iarrthóra amháin.
- Cé go bhféadfadh iarrthóir riachtanais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá an líon daoine a chuirfidh isteach ar an bpost chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh FRS Recruitment a chinneadh go nglaofar líon níos lú iarrthóirí ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis sin, cuireann FRS Recruitment próiseas gearrliostaithe ar fáil chun grúpa a roghnú ar cosúil, bunaithe ar scrúdú ar an CV agus ar an Litir Chumdaigh, gurb iadsan na daoine is oiriúnaí don phost. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil na hiarrthóirí eile neamhoiriúnach nó neamhábalta an post a dhéanamh, ach seachas sin go bhfuil roinnt iarrthóirí ann, ar cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.
- D'fhéadfadh na critéir riachtanacha agus na critéir inmhianaithe atá sonraithe don phost a bheith i gceist leis na critéir maidir le gearrliostú. Dá bhrí sin, is ar mhaithe leat féin atá sé cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí i do Litir Chumhdaigh agus i do CV.
- Agallamh.

Tá sé beartaithe agallaimh a reáchtáil i rith na seachtaine dar tús 7 Nollaig 2026 in oifigí an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bhithéagsúlachta, Teach Ghort na Feá, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, Campas Thiar, Cloch an Óir, Contae Phort Láirge X91PE03. Féadfar agallaimh ó chian a dhéanamh, ach ní dhéanfar iad ach i gcásanna eisceachtúla agus dosheachanta. Is faoin agallaí atá sé a chinntiú go mbeidh rochtain aige/aici ar áiseanna leordhóthanacha chun go bhféadfaidh sé/sí páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne.

Ní bheidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta freagrach as aon chostas a thabhóidh iarrthóir agus é/í ag freastal ar agallamh.

Teistiméireachtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina moltóirí oiriúnacha a bhféadfaimis dul i dteagmháil leo (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ní gá go mbeadh d'fhostóir reatha i measc na moltóirí ach ba chóir go mbeadh sé/sí ábalta teistiméireacht a sholáthar duit; ba chóir go mbeadh duine amháin acu sin ar a laghad ina dhuine a raibh caidreamh tuairiscithe díreach agat leis/léi. Ba chóir go mbeadh na moltóirí ábalta faisnéis measartha nua a sholáthar maidir le d'fheidhmíocht agus d'iompar i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú ar féidir leo faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcthaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna oibre éagsúla. Dearbhaímid nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach amháin i gcás ina mbreithneofaí thú i ndiaidh chéim an agallaimh. Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leat san agallamh, go mbeidh teistiméireacht de dhíth ó d'fhostóir reatha sula molfar thú le haghaidh ceapacháin.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, cuir isteach curriculum vitae (C.V.) cuimsitheach ina léirítear go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm bheatha go dtí seo. Ní mór duit litir chumhdaigh (trí leathanach ar a mhéad) a chur isteach freisin, agus teideal an róil sa líne ábhair, ina leagfar amach an fáth a bhfuil suim agat sa deis agus na réimsí a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, d'eolas agus do thaithí riachtanais an róil. Ní mór gach iarratas a chur isteach chuig Maria Weafer ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: MWeafer@frsrecruitment.com

Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus do Litir Chumhdaigh a chur isteach faoi 5 i.n. Dé hAoine, an 27 Samhain 2026. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an ama sin.
Mura bhfaighidh tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas, déan teagmháil le: MWeafer@frsrecruitment.com

tiomanta do bheartas comhdheiseanna do gach iarrthóir. Má tá tú faoi mhíchumas nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit é sin a chur in iúl dúinn lena chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht atá uait. Ní bheidh aon tionchar ag coigeartuithe nó socrú réasúnta ar an bpróiseas roghnúcháin agus déileálfar leis an bhfaisnéis go léir a nochtfar faoi dhianrún.

A mheas go bhfuil Iarrthóireacht le tarraingt siar

I gcás iarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh an tráth agus an áit a iarrfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta , nó nach soláthróidh, nuair a iarrfar air/uirthi, an fhianaise a éilíonn an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta maidir le haon ábhar a

bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon cheart aige/aici a thuilleadh i dtaca le breithniú a n-iarratais.

Tréimhse Ghlactha

Ceanglóidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ar an duine a dtairgtear ceapachán dó/di an ceapachán a ghlacadh laistigh de thréimhse trí mhí ar a mhéad agus mura nglacfaidh sé/sí leis an gceapachán laistigh den tréimhse sin nó den tréimhse níos faide a chinnfidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta faoina rogha féin, ní cheapfaidh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta é/í.

Canbhasáil

Má dhéantar aon iarracht ag aon iarrthóir, nó aon duine/daoine atá ag feidhmiú ar spreagadh an iarrthóra, go díreach nó go hindíreach, trí mhodhanna cumarsáide scríofa nó aon bhealach eile chun tionchar a imirt i bhfabhar an iarrthóra, aon bhall foirne den Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó aon duine a ceapadh ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun agallamh a dhéanamh nó iarrthóirí a chur faoi scrúdú, déanfar an t-iarrthóir a dhícháiliú go huathoibríoch ón bpost a ndéantar iarratas ina leith.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

D'fhéadfaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a iarraidh maidir le daoine atá á meas don cheapachán.

Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ag leibhéal sláinte a léiríonn go bhfuil cumas acu gnáthsheirbhís agus seirbhís éifeachtach a chur ar fáil. Ar mhaithe leis an riachtanas sláinte a chomhlíonadh, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach don iarrthóir rathúil, sula gceapfar iad, go dtugann siad faoi scrúdú leighis déanta ag liachleachtóir cáilithe le hainmniú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Fiosrúcháin/ Eolas sa Bhreis

Má tá eolas sa bhreis ag teastáil uait nó má theastaíonn uait plé faoi rún a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost chuig MWeafer@frsrecruitment.com

EOLAS GINEARÁLTA

Comhlíonadh Dlíthiúil

Tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta tiomanta do gach reachtaíocht chuí a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha)

2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997, 2003 agus 2014.

Comhlíonadh RGCS

Bailíonn, próiseálann agus stórálann an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta sonraí pearsanta, arna gcur ar fáil ag iarrthóirí agus iad ag cur isteach ar an ról atá ar fáil. Bailítear, taifeadtar, stóráiltear, coinnítear agus milltear na sonraí a chuirtear ar fáil ag iarrthóirí i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

Úsáid Gléasanna Taifeadta

Ní cheadaítear trealamh taifeadta a úsáid le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

Oibleagáidí Iarrthóirí

Ní cheadaítear d'iarrthóirí eolas bréagach nó míthreorach a chur ar fáil. Ní cheadaítear d'iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas iomaíochta nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Iarratas ar Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ag deireadh an phróisis roghnúcháin. Má theastaíonn uait aiseolas sa bhreis a fháil, is féidir iarradh air seo trí ríomhphost a sheoladh chuig MWeafer@frsrecruitment.com

AGUISÍN 1

Príomhinniúlachtaí don phost seo

Tá creat inniúlachta forbartha do phost an **Teicneora Tacaíochta TFC.**

Is iad seo a leanas na príomhinniúlachtaí don ról;

Inniúlacht	Iompraíochtaí
Torthaí a Bhaint Amach	• Obair a phleanáil agus a chur in ordú tosaíochta ar bhealach éifeachtach chun spriocanna comhaontaithe a bhaint amach. • Cinnteoidh sé/sí cruinneas agus beachtas i ngach tasc • Déanfaidh sé/sí seiceálacha cuí ar obair chríochnaithe agus coinneoidh sé/sí taifid tacaíochta agus cáipéisíocht chruinn. • Glacfaidh sé/sí freagracht as saincheisteanna tacaíochta céadlíne, déanfaidh sé/sí fabhtcheartú ar fhadhbanna go córasach agus cuirfidh sé/sí ar aghaidh iad de réir mar is cuí. • Leanfaidh sé/sí le hiarratais tacaíochta agus tascanna tionscadail a shanntar dó/di go dtí go mbeidh siad curtha i gcrích nó curtha ar aghaidh de réir mar is cuí. • Aithneoidh sé/sí saincheisteanna féideartha TFC, rioscaí nó deiseanna feabhsúcháin agus cuirfidh sé/sí faoi bhráid an duine chuí iad lena n-athbhreithniú nó chun gníomh a dhéanamh ina leith. • Cuirfidh sé/sí le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tionscadail TFC agus cabhróidh sé/sí le pleananna comhaontaithe a chur chun feidhme. • Déanfaidh sé/sí cinntí go tráthúil agus ar bhonn eolas maith, agus léireoidh sé/sí breithiúnas maith agus tuiscint ar a bhfuil ag tarlú ar bhonn níos leithne agus ar na hiarmhairtí indíreacha a d'fhéadfadh teacht as gníomhartha. • Seasfaidh sé/sí chun tosaigh agus aithneoidh sé/sí deiseanna chun dul thar na spriocanna atá leagtha síos. • Cloífidh sé/sí le nósanna imeachta agus rialuithe comhaontaithe slándála TFC, aithneoidh sé/sí rioscaí féideartha slándála agus tuairisceoidh sé/sí ábhair imní nó cuirfidh sé/sí ar aghaidh iad de réir mar is cuí.
Cumarsáid Éifeachtach agus Éifeachtacht Phearsanta	• Cumas dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a chothabháil ag gach leibhéal den eagraíocht, leis an bhfoireann ghairmiúil, theicniúil agus riaracháin, le gníomhaireachtaí seachtracha, etc.

	• Cumas faisnéis theicniúil a chur in iúl ar bhealach atá éasca le tuiscint do lucht éisteachta teicniúil agus neamhtheicniúil araon. • Cumas cáipéisíocht shoiléir struchtúrtha a chur le chéile, lena n-áirítear beartais TF, nósanna imeachta agus tuarascálacha slándála. • Comhairle a lorg agus a mheas, nuair is gá. • Cumas tionchar a imirt ar dhaoine agus ar chúinsí chun spriocanna a bhaint amach.
Feidhmíocht trí Dhaoine	• Glacfaidh sé/sí úinéireacht ar thascanna agus déanfaidh sé/sí obair ardchaighdeáin • Léireoidh sé/sí cur chuige réamhghníomhach i leith réiteach fadhbanna, ag lorg réiteach seachas fanacht le treoir. • Cuirfidh sé/sí go dearfach le timpeallacht foirne, roinnfidh sé/sí a shaineolas/saineolas agus tacóidh sé/sí le daoine eile de réir mar is gá. • Cothóidh agus coinníonn sé/sí ar bun caidreamh oibre láidir le foirne inmheánacha agus le comhpháirtithe seachtracha • Rachaidh sé/sí in oiriúint do thosaíochtaí athraitheacha agus tacóidh sé/sí le comhghleacaithe chun comhchuspóirí a bhaint amach.
Eolas Teicniúil agus Taithí	• Beidh tuiscint aige/aici ar ról an Teicneora Tacaíochta TFC laistigh d'Fhoireann na Seirbhísí Digiteacha ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. • A bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann chun réitigh dhigiteacha a chur ar fáil agus úsáid éifeachtach seirbhísí digiteacha a chur chun cinn chun tacú le riachtanais ghnó. • Cumas tuiscint mhaith a léiriú ar raon feidhmeanna TFC, lena n-áirítear slándáil TFC. • Eolas agus taithí ar oibríochtaí cibearshlándála agus ar chosaint sonraí. • Beidh eolas nó taithí ábhartha aige/aici ar sheirbhísí Microsoft 365, lena n-áirítear Outlook, Teams, SharePoint Online agus OneDrive. • Léireoidh sé/sí tuiscint ar an gcibearshlándáil, ar chosaint sonraí agus ar chleachtais shlána oibre. • Tuigfidh sé/sí an cuspóir atá le slándáil críochphointí, paistí a chur i bhfeidhm, cúltacaí, athshlánú ó thubaiste agus leanúnachas gnó. • Tuiscint ar dhearadh timpeallachta teicniúla nua-aimseartha TF – ríomhairí deisce, freastalaithe, fíorúlú, líonraí, SAN, cúltacaí fiontair, slándáil agus ceadúnú.

	• Tuiscint a léiriú ar straitéis bainistíochta seirbhísí, lena n-áirítear seirbhís a dhearadh, a aistriú agus a oibriú trí úsáid a bhaint as próisis chaighdeánacha ITIL.